



# **Tuarascáil Bhliantúil 2009**

**Coiste Iniúchta**

**an Roinn Gnóthaí Eachtracha**

# Clár

<b>Ráiteas an Chathaoirligh.....</b>	<b>3</b>
<b>Ballraíocht an Choiste Iniúchta .....</b>	<b>6</b>
<b>Oibríocht an Choiste Iniúchta.....</b>	<b>7</b>
<b>Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2009.....</b>	<b>9</b>
1. Córais Fhaisnéise Bainistíochta agus Smachtaí Innheánacha.....	9
2. Iniúchadh Innheánach.....	10
3. Luacháil.....	12
4. Riosca a Aithint.....	13
5. Cúrsaí Eagraíochta agus Acmhainne .....	15
<b>Aguisín 1 – Cairt an Choiste Iniúchta .....</b>	<b>17</b>
<b>Aguisín 2 – Timpeallacht Iniúchta na Roinne .....</b>	<b>18</b>
<b>Aguisín 3 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2009.....</b>	<b>21</b>
<b>Aguisín 4 – Doiciméid Tábhachtacha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu... </b>	<b>21</b>
<b>Aguisín 5 – Cur i Láthair a Ghlac an Coiste Iniúchta leo .....</b>	<b>23</b>
<b>Aguisín 6 - Achoimre ar Chaiteachas Vóta 2009 (Neamhiniúchta).....</b>	<b>24</b>
<b>Aguisín 7 – Iniúchtaí agus Luacháiltí gur Tugadh Aghaidh Orthu i 2009 .....</b>	<b>27</b>

## Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas ar Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha a shéú thuarascáil bhliantúil a chur ar fáil d' Ard Rúnaí an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Bhí dúshlán mór i gceist don Roinn i 2009. Cuireadh gearradh breise ar Vótaí na Roinne i 2009, mar chuid d'iarrachtaí an Rialtais freagra a thabhairt ar an ghéarchéim eacnamaíochta agus caiteachais poiblí a laghdú. Tá éifeacht na n-athraithe seo léirithe sa tábla thíos.

	<b>Meastachán Athbhreithnithe 2008 €m</b>	<b>Bun- Mheastachán 2009 €m</b>	<b>Meastachán Athbhreithnithe 2009 €m</b>	<b>Toradh Sealadach 2009 €m</b>
Vóta 28	231	216	207	192
Vóta 29	769	754	570	566

Tá sé imlínithe agam thíos na cúrsaí a mheasaim go bhfuil tábhacht mór leo ón rannóg *Torthaí agus Moltaí na Roinne do 2009*.

Ba chóir go mbeadh bainistíocht riosca mar chuid lárnach den mbainistíocht agus tá sé tábhachtach gur chóir do thionscnamh na Roinne athbhreithniú agus neartú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm a Pholasaí agus a Chlár ar Bhainistíochta Riosca, le h-uasdátú Rollaí an Riosca ina measc, i dteannta le Bainistíocht Riosca a chomhtháthú i bpróiseas planála an ghnó, chomh luath agus is féidir.

Sé a deireann Athbhreithniú Bainistíochta Chúnaimh Éireann “go mbaineann leibhéal riosca nach féidir a sheasamh san gclár.” de bharr uimhreacha agus easpa bun-scileanna. Tuigeann an Coiste Iniúchta gur laghdaigh úsáid acmhainní foirne breise agus athchóiriú a dhéanamh ar roinnt clár próifíl riosca an chlár. In ainneoin san, d'aithníodh gurab é srianadh na foirne ceann des na rioscaí is mó atá ós comhair na Roinne. Ba chóir go leanfadh an Roinn ag deimhniú go n-úsáidtear na hacmhainní sa mhéid agus is féidir agus a dícheall a dhéanamh breis athchóirithe a dhéanamh ar na cláir chun na rioscaí a ísliú agus bainistíocht a dhéanamh orthu.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil líon an-theoranta cuntasóirí atá cáilithe go proifisiúnta fostaithe i róil airgeadais na Roinne, agus níl aoinne acu fostaithe ag leibhéal a bhaineann le breitheanna a dhéanamh. Tá an Coiste Iniúchta buartha faoi seo de bharr an brú atá ar na buiséid agus an gá atá le smacht airgeadais ardaithe agus na hacmhainní a úsáid go héifeachtach. Ina theannta san, tá i gceist ag an Roinn a h-Aonaid Airgeadais a chur le chéile chun Aonad amháin a chruthú a smachtóidh buiséad bliantúil de €800m, nach mór.

Tugann an Coiste Iniúchta tacaíocht d'aonad airgeadais amháin a chruthú go luath don Roinn uile agus cuireann siad béim ar an dtábhacht cothabháil iomlán a dhéanamh ar an leibhéal is airde de ghnáthaimh smachta inmheánacha agus ar an mbainistíocht riosca le linn phróiseas na n-athraithe agus ina dhiaidh san. Ina theannta san, agus ag tabhairt aird ar mhéid an bhuiséid faoina cúram, ba chóir don Roinn

Ceannaire Airgeadais a cheapadh (ag grád Comhairleora/Oifigeach Príomha) go bhfuil cáilíocht cuntasaíochta proifisiúnta aige/aici agus taithí cuí dóthanach. Ina theannta san arís, ba chóir don gCeannaire Airgeadais tacaíocht a fháil ó chuntasóirí atá cáilithe le ról Airgeadais/Bainistíochta i gcás gach Vóta.

Mar thoradh ar thimpeallacht cúnamh atá ag athrú, tharla sé go seolann deonaithe maoiniú méadaithe trí Chórais Rialtais agus, chomh maith leis sin, go n-oibríonn deonaithe le chéile ar bhonn páirtíochta seachas ar bhonn aonaraigh. Tá moladh mór tuillte ag an gcur chuige seo, maidir leis an bhféidearthacht éifeachtaí a bhaint amach agus tionchar níos mó ar chúnamh a bheith aige ach méadaíonn sé ar an riosca – go háirithe nuair atáthar ag obair trí chórais Rialtais páirtíochta. Is dúshlán é bainistíocht a dhéanamh ar an riosca méadaithe seo do gach deonaí. Leanann Cúnamh Éireann, i bpáirtíocht le deonaithe eile, ag déanamh iarrachta córais Pháirtíochta an Rialtais a neartú trí chlár leasúcháin chórasacha.

Tugann an Coiste tacaíocht chun grúpa oibre a bhunú laistigh de Chúnamh Éireann a dhéanfaidh athbhreithniú ar gach aicme den mbainistíocht airgeadais poiblí i dtíortha an Chláir le béim ar leith ar ghnéithe cuntasaíochta agus iniúchta. Mhol an Coiste Iniúchta don ghrúpa oibre go mbeadh athbhreithniú déanta ar gach Cuntas agus Córas Cáilithe de chuid an Rialtais Pháirtíochta chun laigí ábhar leanúnach a aithint gur chóir a bheith san áireamh ins na téarmaí tagartha. Sa chás go bhfuil laigí dá leithéid aitheanta, ba chóir breathnú a bheith déanta ar mhodúil mhalartacha chun cúnamh a stiúradh go dtí go bhfuil feabhas inghlactha bainte amach i gCórais Pháirtíochta an Rialtais.

Tá timpeall 150 ENR ag fáil tacaíochta faoi Chiste an Chumainn Sibhialta, rud a léiríonn tiomantas láidir Chúnamh Éireann i leith tacaíocht a thabhairt do chlár an chumainn sibhialta i dtíortha atá ag forbairt. Tacaíonn agus molann an Coiste Iniúchta brostú a chur le h-aidhm Chúnamh Éireann athbhreithniú agus neartú a dhéanamh, mar is cuí, ar an bpróiseas measúnaithe, ar mhonatóireacht agus ar iniúchadh a dhéanamh ar na heagraíochtaí atá ag fáil tacaíochta faoi Chiste an Chumainn Sibhialta.

Gníomhaíonn baill an Choiste Iniúchta ar bhonn deonaigh agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Athair Gerry O'Connor, le Mike Scott, le Valerie Little, le Dr. Richard Boyle, le Philip Furlong agus le Maura Quinn as ucht a ndíograis agus a bproifisiúntacht. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil, chomh maith, le Valerie Little a d'éirigh as i rith na bliana, tar éis di a bheith ag obair ar an gCoiste ar feadh cúig bhliana. Do ba é An t-Athair Gerry O'Connor an chéad chathaoirleach ar an gCoiste agus chomhlíon sé a ról ar feadh sé bhliana, nach mór, go dtí gur éirigh sé as a phost ar an 30ú Meitheamh 2009. Bhí a dhíograis, a thaithí sa chúnamh agus a chúlra cuntasaíochta proifisiúnta an-luachmhar d'obair an Choiste agus tá an t-ádh linn go bhfuil sé mar bhall den gCoiste fós.

Ar son an Choiste Iniúchta ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha as ucht a gcabhrach, a dtuairiscí agus a gcur i láthair, agus as ucht a lán d'ár gceisteanna a fhreagairt.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le h-Aonad Luachála agus Iniúchta na Roinne as ucht a gcuid tacaíochta feidhme — William Carlos, Tom Hennessy, Fintan Farrelly, Seamus O'Grady, Anne Barry agus Patricia Ryan.

**John S. Pittock**  
**Cathaoirleach**  
**Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha**

**Dáta: 21 Meitheamh 2010**

## **Ballraíocht an Choiste Iniúchta**

Tá baill an Choiste Iniúchta tarraingthe isteach ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Táid ceaptha ag Ard Rúnaí na Roinne.

Le linn 2009, bad iad baill an Choiste ná:

Is cuntasóir cairte é Mr. John S. Pittock, Cathaoirleach an Choiste (ó Iúil 2009) agus bhíodh sé ina Chathaoirleach ar de Deloitte (Ceaptha Samhain 2003).

Oibríonn an t-Athair Gerard O'Connor, C.Ss.R, i bParóiste Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath, agus tá cúlra aige sa bhforbairt agus sa chuntasaíocht. Do ba é An t-Athair O'Connor an chéad Chathaoirleach ar an gCoiste ó Samhain 2003 go Meitheamh 2009.

Is Bainisteoir Acmhainní Daonna í Ms. Valerie Little de Ghréasáin BSL, agus bhíodh sí i ina Ceannaire ar an Aonad Inmheánach, Bord Soláthair Aibhléise (Ceaptha Meitheamh 2004).

Is iar-Cheannaire an Aonaid Luachála agus Iniúchta, Cúnamh Éireann é Mr. Michael Scott (Ceaptha Meitheamh 2006).

Is Ceannaire Taighde, Institiúid Riaracháin Poiblí é Dr. Richard Boyle (Ceaptha Eanáir 2008).

Is iar-Ard Rúnaí an Roinn Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta é Mr. Philip Furlong (Ceaptha Eanáir 2008).

Is Príomhoifigeach Institiúidí Stiúrthóirí na hÉirinn agus iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Unicef na hÉireann í Ms. Maura Quinn (Ceaptha Iúil 2009).

## Oibríocht an Choiste Iniúchta

Clúdaíonn obair an Choiste Iniúchta dhá Vóta de chuid na Roinne – Vóta 28 (Gnóthaí Eachracha) agus Vóta 29 (Cúnamh Éireann) agus tá achoimre déanta de Thimpeallacht Iniúchta na Roinne in Aguisín 2. Tá ról an Choiste Iniúchta leagtha amach ina chairt (Aguisín 1).

Bíonn sraith chruinnithe rialta ar siúl ag an gCoiste, ina ghlacann siad le tuairiscí agus le cur i láthair iontu, déanann siad moltaí don Roinn, agus rianaíonn siad a fheidhmiú.

Bhí naoi gcinn de chruinnithe ar siúl ag an gCoiste i 2009 agus bhuail siad leis an Ard Rúnaí, chomh maith. Le linn cúrsa na gcruinnithe, fuair an Coiste faisnéis, chomh maith, ó Ard Stiúrthóir agus ó Leas-Ard Stiúrthóir Chúnamh Éireann, agus ó Cheannaire Roinn na Seirbhísí Corparáideacha.

I Samhain 2009, chuaigh an Cathaoirleach agus beirt bhall ón gCoiste Iniúchta ós comhair an Chomhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Eachtracha chun a dtuairisceán bhliantúil do 2008 a phlé. Le linn na míosa san, labhair an Cathaoirleach le cruinniú Ceannairí na Mísean agus Ceannairí na Forbartha (atá bunaithe i dtíortha an chláir de chuid Chúnamh Éireann), a bhí ar siúl i Luimneach.

Baineann an tuairisceán seo le clár oibre an Choiste Iniúchta do 2009. Ciallaíonn am agus sceideal an iniúchta gur bhain tuairiscí gur dhein an Coiste athbhreithniú orthu le linn 2009 go minic leis an gcaiteachas a bhain leis na blianta roimh 2009. Seo é an cás, chomh maith, maidir le tuairiscí luachála, de bharr go bhféachann luacháiltí, de ghnáth, ar idirbheartaíocht cláir thar tréimhsí níos faide.

Tá an t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach, chomh maith, as iniúchadh Cuntais Leithghabhála na Roinne agus d'eisíodar tuairim neamhcháilithe do 2008. Tá iniúchadh an Chuntais Leithghabhála ag dul chun cinn le linn an ama a chríochnaíonn an tuarascáil seo.

I 2009, dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus d'aontaíodar ar an obair a bhí le déanamh le linn na bliana ag an Aonad Luachála agus Iniúchta, agus d'oibríodar i dteannta leis an Aonad. Dhein an Coiste athbhreithniú, chomh maith, ar chur i bhfeidhm agus ar luacháil an chláir iniúchta le linn na bliana.

I measc na n-ábhar príomha a chlúdaigh an Coiste Iniúchta le linn 2009 bhí:

- Córas Bainistíochta Riosca na Roinne
- Seirbhís na bPas
- Dul chun cinn i gcás Éifeacht an Chúnaimh
- Clúdach Iniúchta i dtíortha an chláir
- Córais Bhainistíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha an chláir
- Athbhreithniú Bhainistíocht Chúnamh Éireann
- Maoiniú Eagraíochtaí na gCumann Sibhialta

Tá breis sonraí ar obair an Choiste Iniúchta i 2009 sna h-Aguisíní:

- Aguisín 3: Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2009
- Aguisín 4: Doiciméid phríomha gur dhein an Coiste Iniúchta breathnú orthu
- Aguisín 5: Cur i láthair a Fuair an Coiste Iniúchta.

I measc gnéithe tosaíochta an Choiste Iniúchta do 2010 tá:

- Córas Bainistíochta Riosca na Roinne
- Athbhreithniú ar úsáid chórais airgeadais páirtíochta an rialtais
- Córais mheasúnaithe agus mhonatóireachta a neartú i leith Mhaoiniú an Chumainn Sibhialta



## Torthaí agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2009

I gcomhréir lena gCairt, tá obair an Choiste Iniúchta i leith dhá Vóta na Roinne dírithe ar na haicmí seo a leanas:

1. Córais Fhaisnéise Bainistíochta agus Smachtaí Inmheánacha
2. Iniúchadh Inmheánach
3. Luacháil
4. Riosca a Aithint
5. Cúrsaí Eagraíochta agus Acmhainne

Tá ráitis agus moltaí príomha an Choiste ar gach ceann des na haicmí seo leagtha amach ins na rannóga seo a leanas den dtuairisceán.

### 1. Córais Fhaisnéise Bainistíochta agus Smachtaí Inmheánacha

Thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairim iniúchta neamhcháilithe ar na cuntais leithghabhála le haghaidh Vótaí 28 agus 29 don bhliain airgeadais 2008.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh aidhm na Roinne aonad amháin a dhéanamh as na haonaid airgeadais reatha scartha Vóta 28 agus 29 agus cuireann siad béim ar an dtábhacht atá le bheith cinnte go bhfuil an leibhéal is airde de ghnáthaimh smachta inmheánacha agus ar an mbainistíocht riosca le linn próiseas an athraithe agus nuair atá sé críochnaithe.

Tá áthas ar an gCoiste Iniúchta a lua faoi fhorbairt córas chun rianú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí iniúchta príomha agus luach as an airgead, agus tá i gceist acu athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar fheidhmiú an chórais rianaithe.

Cé go mbuaileann an Coiste Iniúchta go rialta leis an Ard-Rúnaí agus le pearsanra bainistíochta sinsearach tábhachtach, níl aon socrú foirmiúil ann chun nuashonraí a fháil ón Roinn faoi fheidhmiú na gcóras smachta inmheánacha.

#### **Moladh**

**Ba chóir don Roinn nuashonrú foirmiúil bliantúil a sholáthar don gCoiste Iniúchta faoi fheidhmiú na gcóras smachta inmheánacha.**

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara nach bhfuil aon imréiteach rialta ann ar mhéid na bPasanna atá eisithe trí Chóras Uathoibríthe na bPas leis na hioncaim léirithe sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus tá fadhbanna ann, chomh maith, i leith comhréiteach na n-admhálacha ag na Misin. Ach ag an am gcéanna glacann an Coiste, chomh maith, go bhfuil a lán smachtaí inmheánacha eile ann chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tuairisc chúí ar na hioncaim uile a bhaineann le Seirbhís na bPas. Tá áthas ar an gCoiste Iniúchta a lua go bhfuil an Roinn ag déileáil le fadhb an imréitigh.

#### **Moladh**

**Ba chóir don Roinn a cuid oibre a chríochnú, chomh luath agus is féidir, ar ghnáthamh a bhunú chun méid na bPas atá eisithe ag Seirbhís na bPas a**

**chomhréiteach leis an ioncam atá taifeadta sa chóras airgeadais, rud a chabhróidh leis na smachtaí eile atá ar bun.**

## **2. Iniúchadh Inmheánach**

### **An Roinn-uile**

Dhein an t-Aonad Luachála agus Iniúchta iniúchadh ar Thaisteal agus ar Chothabháil na Roinne ag clúdach an chaiteachais faoin dá Vóta. Lorg an Coiste Iniúchta, dearbhú, cheana go rabhthas ag cloí leis na rialúcháin taistil agus cothabhála agus go raibh leibhéal an chaiteachais tabhaithe réasúnta.

### **Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha**

Thug an t-Aonad Luachála agus Iniúchta aghaidh ar roinnt tascanna ar Vóta 28. I measc na dtascanna seo bhí iniúchtaí ar dheontais Chlár Tacaíochta na n-Eisimirceach (An Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe) agus Misin thar lear.

Bhí áthas ar an gCoiste Iniúchta a thabhairt faoi ndeara go raibh méadú mór, le linn 2009, i leibhéal an chlúdaigh iniúchta don Vóta. Tá an Coiste Iniúchta ag súil le méadú níos mó sa chlúdach iniúchta le linn 2010. Luann an Coiste Iniúchta aidhm an Aonaid Luachála agus Iniúchta an straitéis iniúchta a bheith foirmiúil don Vóta agus plean oibre il-bhliain a fhorbairt. Tuigeann an Coiste go bhfuil plean iniúchta bhliantúil an Aonaid bunaithe-ar-riosca i gcás an Vóta ceadaithe ag an Ard-Rúnaí.

### **Moladh**

**Ba chóir go mbeadh an straitéis iniúchta agus an plean oibre il-bhliantúil do Vóta 28 foirmiúil agus ceadaithe ag an Ard Rúnaí.**

### **Vóta 29 – Cúnamh Éireann**

Tá cuid mhór de chaitheamh tír cláir Chúnamh Éireann stiúrtha trí chórais pháirtíochta an rialtais agus tá sé i mbaol laigí bunúsacha sa chuntasaíocht, san iniúchadh agus sa bhainistíocht airgeadais ginearálta.

Tugann an Coiste Iniúchta tacaíocht dos na cláir srtuchtúrtha éagsúla chun déileáil leis na Laigí Bainistíochta Airgeadais atá ins an gcuid is mó de thíortha an chláir. Déileálann na cláir leasúcháin seo le h-aicmí mar buiséadú, córais cuntasaíochta, soláthar poiblí, iniúchadh agus maoirseacht ginearálta. Sé a bhíonn i gceist le cláir dá leithéid ná déileáil le gnéithe teicniúla mar chórais chuntasaíochta ach tá i gceist acu timpeallacht a fhorbairt a thugann ard-thosaíocht don gcuntasaíocht. Tá tacaíocht á fháil ag na cláir leasúcháin seo ó dheonaithe le Cúnamh Éireann ina measc. Tugann an Coiste an-thacaíocht do pháirt leanúnach Chúnamh Éireann san aicme seo agus pleanálann siad tacaíocht d'Oifigí Náisiúnta Iniúchta i dtíortha an chláir. Ar an gcaoi seo, fáiltíonn an Coiste go bhfuil Éire mar bhall de Pháirtíocht Deonach-INTOSAI, gur bunaíodh é le déanaí chun tacaíocht a thabhairt dos na h-Oifigí Náisiúnta Iniúchta a neartú i dtíortha atá ag forbairt.

Fáiltíonn an Coiste roimh an próiseas córasach atá ar bun anois chun teacht air agus feabhas a chur ar chreatlach iomlán an Bhainistíocht Airgeadais Poiblí (BAP) i dtaobh tíortha atá ag forbairt, go bhfuil measúnachtaí Caiteachais Poiblí agus Cuntasaíocht Airgeadais (CPCA) san áireamh iontu. Fáiltíonn an Coiste roimh pháirt Chúnamh Éireann i measúnachtaí CPCA, a sholáthraíonn measúnú neamhspleách ar nirt na gcóras i dtíortha áirithe agus aithníonn siad aicmí go bhfuil gá le gníomhaíocht ann. Aithníonn an Coiste Iniúchta gur próiseas fad-théarmach é leasú a dhéanamh ar an mBainistíocht Airgeadais Poiblí agus molann siad don mbainistíocht airgeadais leanúint lena dtiomantas trí acmhainní dóthanacha a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil fócas cuntasaíochta ag bainistíocht an chláir ar a ról.

### **Moltaí**

**Ba chóir do Chúnamh Éireann leanúint lena pháirt sa mheasúnachtaí Caiteachais Poiblí agus Cuntasaíochta Airgeadais atá mar na slite príomha chun measúnú a dhéanamh ar na córais Bhainistíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha atá ag forbairt.**

**Ba chóir don mBainistíocht Poiblí seasamh lena ghealltanas i dtaobh na gcóras Bainistíochta Airgeadais Poiblí a neartú i dtíortha páirtíochta trí úsáid a bhaint as acmhainní dóthanacha agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil béim ar fhreagracht na bainistíochta ina ról.**

**Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann, i dteannta le deonaithe eile, ag tabhairt tacaíocht do chumas Oifigí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Náisiúnta a neartú i dtíortha páirtíochta.**

Tá an Coiste Iniúchta fós buartha faoi leibhéal réasúnta ard na dtuairiscí iniúchta cáilithe, a thagann ó eagraíochtaí páirtíochta an rialtais don gcuid is mó agus leanfaidh siad ag déanamh monatóireachta ar nósanna san aicme seo. Cé go dtuigtear gur féidir le tuairiscí iniúchta cáilithe teacht suas de bharr a lán cúiseanna difriúla, in ainneoin san, measann an Coiste gur aicme riosca é seo. Cé go bhfuil roinnt feabhsúcháin nótáilte i gCórais Airgeadas an Rialtais agus ins na hOifigí Náisiúnta Iniúchta ní fheiceann an Coiste aon fhianaise de fheabhsúcháin inmharthana ins na tuairiscí Iniúchta. Leanfaidh an Coiste ag déanamh monatóireachta ar an leibhéal agus ar na nósanna ins na tuairiscí cáilithe, na cúiseanna leis seo agus na gníomhaíochtaí leantacha atá le déanamh.

Fáiltíonn an Coiste roimh bunú grúpa oibre laistigh de Chúnamh Éireann a dhéanfaidh athbhreithniú ar gach aicme den mbainistíocht airgeadais poiblí i dtíortha an Chláir le béim ar leith ar chúrsaí cuntasaíochta agus iniúchta. Mhol an Coiste Iniúchta don ngrúpa oibre gur chóir go mbeadh athbhreithniú ar gach Cuntas agus Córas Cáilithe de chuid an Rialtais Pháirtíochta chun laigí ábhair leanúnacha a aithint san áireamh ins na Téarmaí Tagartha. Sa chás go bhfuil laigí dá leithéid aitheanta, beidh breathnú déanta ar mhódúil mhalartacha chun cúnaimh a stiúradh go dtí go bhfuil feabhas inghlactha i gCórais Pháirtíochta an Rialtais.

**Ba chóir go leanfadh Cúnamh Éireann ag déanamh monatóireachta ar thuairiscí iniúchta cáilithe, teacht ar na cúiseanna dóibh, agus gníomhaíocht leasaithe a dhéanamh.**

**Ba chóir do Chúnammh Éireann leanúint ag coimeád Córais Pháirtíochta an Rialtais faoi athbhreithniú agus, sa chás go bhfuil laigí móra nó leanúnacha aitheanta, a aigne a dhéanamh suas an bhfuil gá nó, nach bhfuil gá, leanúint le cúnammh a stiúradh trí na córais seo nó an bhfuil gá, nó nach bhfuil gá breathnú a dhéanamh ar mhódúil mhalartacha.**

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh aidhm an Aonaid Luachála agus Iniúchta, cur leis an gcur chuige iniúchta gur tugadh isteach don gClár Scéime Il-Bhliantúil (CSIB), chun clúdach scéimeanna cistíochta eile de chuid an chumainn sibhialta a mhéadú.

### **Moladh**

**Molann an Coiste Iniúchta go méadódh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a leibhéal iniúchta i gcás maoiniú na sochaí sibhialta chun clúdach cuimsitheach a dheimhniú.**

## **3. Luacháil**

Is cuid tábhachtach luacháil i bpróiseas bainistíochta Chúnammh Éireann, ag giniúint eolais oibiachtúil bunaithe ar fhianaise atá úsáidte chun breitheanna a dhéanamh. Tá i gceist ag luacháiltí míniú dos na scairshealbhóirí príomha an méid gur éirigh leis nó gur theip ar idirbheartaíocht forbartha agus a mhódúil agus na cúiseanna atá leis seo. Déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta coimisiúnú ar luacháiltí a dhíríonn ar chúrsaí atá tábhachtach ó thaobh straitéise ar leith i gcás Chúnammh Éireann. Tugann Rannóg Feidhme agus Ambasáidí Chúnammh Éireann, agus iad ag fáil tacaíocht ón Aonad Luachála agus Iniúchta, aghaidh, chomh maith, ar luacháiltí a bhaineann go díreach lena n-aicmí freagrachta agus lena riachtanais eolais.

Cuireann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta clár oibre bhliantúil i bhfeidhm ina bhfuil athbhreithniú déanta air ag an gCoiste Iniúchta. I measc na luacháiltí príomha gur críochnaíodh i 2009, tá:

- Luacháil ar straitéis eatramhach Chúnammh Éireann do Siarra Leon,
- Athbhreithniú Inmheánach ar thacaíocht Chúnammh Éireann don Libéir,
- Luacháil ar pháirtíocht Dóchais Chúnammh Éireann.
- Luacháil ar Chlár Tíre Uganda
- Athbhreithniú ar obair Fhís an Domhain i nDeiceart na Súdáine
- Luach As an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar thacaíocht Chúnammh Éireann do VEID/SEIF, 2000-2007

Ina theannta leis sin thuas, tá an t-Aonad Luachála agus Iniúchta gafa le roinnt comhluacháil, leibhéal-macra/il-tíre, a thógfaidh roinnt blianta chun iad a chríochnú. I measc iad seo tá

- Luacháil ar chur i bhfeidhm Dearbhú Páras
- Luacháil ar thionchar Tacaíocht Bhuiséid (An Tansáin)
- Luacháil ar chláir Leasúcháin na Bainistíochta Airgeadais Poiblí
- Luacháil ar chláir Leasaithe Rialú na h-Earnála Poiblí

Tá an t-Aonad Luachála agus Iniúchta tar éis a bheith ag déanamh athbhreithniú ar conas a thugann siad aghaidh ar luacháil tíre leis an aidhm iad a dhéanamh níos comhsheasmhach leis na gealltanais a déanadh faoi Dhearbhú Pháras ar Éifeachtacht an Chúnamh. Mar thoradh air seo, tabharfar aghaidh ar luacháil ar Chlár Tíre na Tansáine i dteannta le Roinn an RA d'Fhorbairt Idirnáisiúnta (RdFI) sa chéad leath de 2010. Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an fhorbairt seo agus déanfaidh siad scrúdú ar an méid úsáide atá á bhaint ag an Roinn as an luacháil chun dul i bhfeidhm ar smaointí an todhchaí i gcás chlár tíre a phleanáil.

### **Moladh**

**Molann an Coiste Iniúchta go neartóidh an Roinn a gnáthaimh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil aird tugtha ar mholtaí ó gach luacháil, nuair is cuí, i gcás phróiseas na pleanála agus trasna na gclár uile.**

## **4. Riosca a Aithint**

Ba chóir go mbeadh bainistíocht ar riosca a aithint agus bainistíocht fhoirmiúil ar riosca ina chuid tábhachtach den mbainistíocht. Thug an Roinn isteach Polasaí agus Clár Bainistíochta Riosca i 2005 agus, i 2006, shocraíodar bainistíocht ar riosca a chomhtháthú isteach i struchtúir pleanála gnó na Roinne. Tar éis dóibh a lua cheana go rabhadar buartha faoi leibhéal na monatóireachta riosca fhoirmiúil, tá áthas ar an gCoiste a lua go bhfuil athbhreithniú sonrath déanta ag an gCoiste Bainistíochta Comhairleach ar rolla an riosca.

I dteannta le bainistíocht a dhéanamh ar an riosca ag leibhéal uile na Roinne, tá measúnú ar riosca ina ghné tábhachtach de chleachtais phleanála clár mór Chúnamh Éireann. In ainneoin san, agus ag tabhairt aird ar na rioscaí dúchasacha sa chúnamh forbartha agus mar a moladh i dtuairiscí a bhí ann cheana, molann an Coiste Iniúchta do Chúnamh Éireann ráiteas polasaí ginearálta ar riosca a chur le céile. Ba chóir go gcuirfeadh an ráiteas teachtaireacht trasna go bhfuil riosca mar chuid de thimpeallacht an chúnamh forbartha agus nach bhfuil seasamh i gcoinne rioscaí comhsheasmhach le clár éifeachtach agus nuálach a sheachadadh.

### **Moltaí**

**Ba chóir go mbeadh an tionscnamh chun athbhreithniú agus neartú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Pholasaí agus Clár Bainistíochta na Roinne le linn 2009, le huasdátú Rollaí an Riosca agus Bainistíocht ar Riosca a chomhtháthú le próiseas pleanála an ghnó, críochnaithe chomh luath agus is féidir.**

**Foilsíonn Cúnamh Éireann ráiteas polasaí a léiríonn páirt Chúnamh Éireann i mbainistíocht na mbun-rioscaí i gclár chúnamh leathain; Ba chóir go sáródh an ráiteas, chomh maith, nádúr na rioscaí a thagann ós comhair Chúnamh Éireann agus na straitéisí bainistíochta riosca a bunaíodh chun maolú a dhéanamh ar an seans go mbeadh rioscaí móra ann agus/nó ar thionchar na rioscaí móra.**

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil rud éigin déanta chun castacht an chláir chúnamh a laghdú agus díriú ar mhéid níos lú d'aicmí tosaíochta, leis an gelár oibre ar ocras ina measc. Ach ag an am gcéanna, measann an Coiste go n-éilíonn teannadh leanúnach airgeadais poiblí an Stáit, agus na sriantaí ar na hacmhainní

daonna, go ndéanfaí díriú leanúnach ar chastacht an chláir chun deimhin a dhéanamh de go bhfanann sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt ar leith ag Cúnamh Éireann iontu. Tá sé an-thábhachtach, chomh maith, go bhfuil díriú leanúnach ar an dtionchar a thomhas agus luach as an airgead a bhaint amach. Tá laghdú i gcastacht na gclár comhsheasmhach, chomh maith, le dualgais na hÉireann speisialtóireacht rannóige níos mó agus comhoiriúnú i gcleachtais na ndeonaithe a bhaint amach, mar a aontaíodh i n-Dearbhú Pháras ar Éifeacht Cúnaimh agus i gClár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta (2008).

### **Moladh**

**Ba chóir do Chúnamh Éireann leanúint le castacht an chláir cúnaimh a athbhreithniú go rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt ar leith ag Cúnamh Éireann iontu agus an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as na hacmhainní. Ba chóir go gcuimseodh athbhreithniú dá leithéid na dualgais speisialtóireacht rannóige níos fearr a bhaint amach agus comhoiriúnú a dhéanamh ar chleachtais na ndeonaithe mar a aontaíodh i n-Dearbhú Pháras ar Éifeachtacht Cúnaimh.**

Tuigeann an Coiste go dtugann Cúnamh Éireann tacaíocht dos na tíortha is boichte ar domhan, le roinnt acu rangaithe mar go bhfuil leibhéal ard camastaíola iontu agus go bhfuil éifeachtaí diúltacha ar dhaoine bochta dá bharr. Tuigeann siad go ngineann oibriú i dtíortha le rialú lag acu riosca do dheonaithe, le h-Éirinn ina measc. Admhaíonn an Coiste tiomantas leanúnach na hÉireann déileáil le éilliú trí trédhearcacht agus cuntaíocht a fheabhsú, tacaíocht a thabhairt d'institiúidí maoirseachta, leasú paraimíleatach agus na meáin neamhspleácha, agus cur le cumas na sochaí sibhialta tionchar a bheith acu agus monatóireacht a dhéanamh ar bhreitheanna polasaí poiblí. Cé go bhfuil an Coiste sásta go bhfuil i gceist ag próisis iniúchta Chúnamh Éireann dearbhú a sholáthar maidir le maoiniú poiblí, molann siad do Chúnamh Éireann, chomh maith, i dteannta le deonaithe eile, leanúint lena n-iarrachtaí díograise neartú na gcóras smachta inmheánacha a chur chun cinn agus teacht ar réiteach ar laigí iniúchta in eagraíochtaí páirtíochta.

### **Moladh**

**Ba chóir do Chúnamh Éireann leanúint ag deimhniú go bhfuil a chórais bhainistíochta dóthanach go leor chun: (a) maolú a dhéanamh, sa mhéid agus is féidir, ar dhóighiúlacht calaoise, (b) fiosrú a dhéanamh ar chalaouis in eagraíochtaí páirtíochta agus gníomhaíochtaí cuí a thógáil chomh luath agus is féidir, agus (c) taifead a choimeád des na tuairiscí uile i gcás chalaouis líomhanta agus na bhfiosrúcháin gur déanadh.**

Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar chur chuige Chúnamh Éireann i gcás mhaoiniú páirtithe ENR. Tá dhá scéim phríomha ann, siad san, an Scéim Clár II-Bhliantúil (SCIB), a mhaoiníonn cúig cinn des na ENR is mó in Éirinn, agus Ciste na Sochaí Sibhialta, a thugann tacaíocht do timpeall 150 páirtí (Éireannach agus Idirnáisiúnta) ag cur ós cionn 200 tionscnamh i bhfeidhm.

Admhaíonn an Coiste Iniúchta gur dhein Cúnamh Éireann iarrachtaí móra ins na blianta déanacha chun maoiniú ENR a stiúradh agus, go háirithe, chun tacaíocht a thabhairt do chur chuige ciallmhar i gcás cúnaimh ós na SCIB níos mó a sheachadadh. Tugann an Coiste tacaíocht d'aidhm Chúnamh Éireann athbhreithniú

agus neartú a dhéanamh, nuair is cuí, ar phróiseas an chritéir/mheasúnaithe cáilitheachta, monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar na heagraíochtaí atá tacaíthe faoi Chiste na Sochaí Sibhialta. Tugann an Coiste faoi ndeara, chomh maith, go bhfuil gá leis na páirtithe a gcumais monatóireachta féin a neartú.

#### **Moladh**

**Ba chóir go gcríochnódh Cúnamh Éireann a phleananna chun athbhreithniú agus neartú a dhéanamh ar an gcritéir cáilitheachta agus ar an bpróiseas measúnaithe, chomh luath agus is féidir, agus méadú a dhéanamh ar mhonatóireacht Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta.**

Cuireadh in iúl don gCoiste Iniúchta go raibh tionchar mór ar dháileadh an mhaoiniú do pháirtithe SCIB ag gaoil stairiúla agus ag leibhéal maoinithe, agus measann siad gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn an dáileadh agus é a athrú go bonn a bhaineann le comhlíonadh chun luach as an airgead a uasmhéadú.

#### **Moladh**

**Ba chóir do Chúnamh Éireann critéir a bhunú le haghaidh dáileadh an mhaoinithe do pháirtithe SCIB bunaithe ar an gcomhlíonadh.**

## **5. Cúrsaí Eagraíochta agus Acmhainne**

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil soláthar foirne ina fhadhb atá mór agus ag méadú, tar éis cur i bhfeidhm moratóir earcaíochta na seirbhíse poiblí, agus ar scála níos lú, de bharr ceanncheathrú Chúnamh Éireann a athshuí go Luimneach, agus d'aithníodh é mar cheann des na rioscaí is mó atá ós comhair na Roinne. Tá deacrachtaí móra i gceist le pearsanra taidhleoireachta tábhachtacha a athchur i Luimneach agus le roinnt post forbartha saineolacha a líonadh ann. Cuireadh in iúl don gCoiste Iniúchta go bhfuil gach iarracht á dhéanamh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil líon cuí oibríthe sannta chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

I gcás an Aonaid Luachála agus Iniúchta, fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an tábhacht a chuireann an Roinn ar fhoireann cháilithe a úsáid. Measann an Coiste Iniúchta nach féidir taithí a bheith ag duine ins an luacháil agus ins an iniúchadh ach amháin trí tréimhsí fada ama a chaitheamh ins na haicmí seo. Mar thoradh air seo, tá ar an Roinn cothromaíocht a fháil ar an ngá atá le taithí mór a bheith ins an Aonad Luachála agus Iniúchta agus an tábhacht úsáid a bhaint as saineolaithe forbartha ins na hoifigí páirce faoin gcóras ceapadh poist pleanáilte.

#### **Moladh**

**Ba chóir don Roinn deimhin a dhéanamh de gur chóir dá polasaí soláthar foirne maidir leis an Aonad Luachála agus Iniúchta a bheith cinnte go bhfuil leibhéal ard saineolais agus taithí úsáidte.**

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil méid an-teoranta cuntasóirí atá cáilithe go proifisiúnta fostaithe i ról airgeadais na Roinne, agus níl aoinne acu fostaithe i leibhéal na mbreitheanna a dhéanamh. Tá an Coiste Iniúchta buartha faoi seo de bharr an brú ar na buiséid agus an gá atá le smacht airgeadais méadaithe agus leis na hacmhainní a úsáid go héifeachtach. Ina theannta san, tá i gceist ag an Roinn a

h-Aonaid Airgeadais don dá Vóta a chomhcheangal chun Aonad singil a chruthú, a smachtóidh buiséad iomlán de thimpeall €800 milliún sa bhliain.

### **Moladh**

**De bharr chruthú láithreach d'aonad airgeadais singil don Roinn uile, agus méid an bhuiséid faoina smacht, ba chóir don Roinn Ceannaire Airgeadais a cheapadh (ar ghrád Comhairleora/Oifigigh Phríomha) go bhfuil cáilíocht cuntasáíochta cuí aige/aici agus le taithí fada, cuí. Ina theannta san, ba chóir go mbeadh tacaíocht á fháil ag an Ceannaire Airgeadais ó chuntasóirí cáilithe le ról Airgeadais/Bainistíochta acu don dá Vóta.**

Ceadaíodh Athbhreithniú Bainistíochta ar Chúnamh Éireann ar an 22ú Iúil 2009 agus dúradh go bhfuil Cúnamh Éireann i gcroílár pholasaí Eachtrach na hÉireann. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar an bhfás a bhíodas ag súil leis sa bhuiséad agus caithfear ath-bhreathnú a dhéanamh ar roinnt des na moltaí tar éis gearradh siar sa bhuiséad. Tá an Coiste Iniúchta buartha faoin mholadh feidhmeanna an Aonaid Luachála agus Iniúchta a scoilt.

Imlíníonn an t-Athbhreithniú Bainistíochta na rioscaí a thagann ón nganntanas mór atá san acmhainn daonna. Cuireann an t-Athbhreithniú Bainistíochta béim áirithe ar an ngá atá le feidhm an airgeadais a neartú agus foireann bhreise a imlonnú san Aonad inmheánach, rud a thugann tacaíocht do thuairim an Choiste Iniúchta. Faid is go ndeireann an Athbhreithniú “Tríd is tríd, ní bhfuairamar aon laigí smachta móra agus tá an córas airgeadais uile láidir go ginearálta”, baineann buairt príomha an Choiste Iniúchta, i gcás an athbhreithnithe, leis an gclár uile agus d'fhéadfaí é a bhriseadh síos i ráiteas an Athbhreithnithe go “n-íompraíonn an clár leibhéal riosca neamh-inmharthana” go háirithe de bharr méid na ndaoine agus na laigí scile príomha. Cuireadh in iúl don gCoiste Iniúchta gur laghdaigh imlonnú acmhainní foirne breise, le saineolaithe forbartha ina measc, agus athchóiriú roinnt des na cláir próifíl riosca an chláir. In ainneoin san, d'aithin an Roinn féin go bhfuil ganntanas foirne mar cheann des na rioscaí príomha atá ós comhair na Roinne agus an fheidhm Iniúchta.

### **Moladh**

**Ba chóir don Roinn leanúint ag deimhniú go bhfuil acmhainní imlonnaithe sa mhéid agus is féidir agus a ndícheall a dhéanamh breis laghdaithe a bhaint amach i gcastacht clár Chúnamh Éireann chun íoslaghdú agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí a tharlaíonn de bharr easpa foirne.**



## Aguisín 1 – Cairt an Choiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha ceaptha go foirmiúil ag, agus tuairisceoidh siad chuig, Ard-Rúnaí an Roinn Gnóthaí Eachtracha, atá mar oifigeach cuntasaíochta Vóta 28 agus 29 (Gnóthaí Eachtracha Ginearálta agus Cúnamh Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, faoi seach). Tabharfaidh siad comhairle, nuair is cuí, don Aire Gnóthaí Eachtracha agus do Aire Stáit Chomhar Forbartha.

Beidh Cathaoirleach ag an gCoiste agus ar a laghad trí ghnáth bhall a bheidh tógtha isteach ó lasmuigh den Roinn. Beidh taithí cuntasaíochta ginearálta, taithí iniúchta proifisiúnta nó taithí proifisiúnta in aicme an chomhair forbartha agus i luacháil na gclár cúnamh ag baill an Choiste. D'fhéadfadh taithí breise a bheith chomh-thofa ar bhonn comhairligh. Friothálfadh na baill ar feadh ar a laghad dhá bhliain de ghnáth, i dtreo is go ndeimhneofaí maoirseacht éifeachtach ar an gclár. Buailfidh an Coiste le chéile sé uaire sa bhliain, de ghnáth.

Soláthróidh an Coiste measúnú neamhspleách ar na heagraithe iniúchta agus luachála don dá Vóta seo, leis an aidhm acu an smacht inmheánach agus an bhainistíocht riosca a neartú i dteannta le feidhmiú éifeachtach an iniúchta agus na luachála a uasghrádú laistigh de Vóta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann (an Stiúrthóireacht Chomhar Forbartha laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Soláthróidh an Coiste tuarascáil bhliantúil don Ard-Rúnaí ar a chuid oibre maidir leis an dá Vóta seo. Beidh sé seo bunaithe, i measc rudaí eile, ar:

- athbhreithniú ar an straitéis luachála agus iniúchta ar chlár Ghnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann agus an clár oibre bhliantúil a thagann as seo;
- athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gclár ag Gnóthaí Eachtracha agus ag Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil chuige seo;
- athbhreithniú ar chórais smachta inmheánacha Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na córais bhainistíochta riosca i nGnóthaí Eachtracha agus i gCúnamh Éireann.

Ós rud é gurab é ceann d'fheidhmeanna an Bhoird Comhairleach do Chúnamh Éireann<sup>1</sup>, “maoirseacht a dhéanamh ar luacháilí sonracha agus ginearálta clár agus tionscnamh Chúnamh Éireann, le maoirseacht ginearálta ar an bpolasaí agus ar an gcaiteachas” beidh ball den mBord Comhairleach i mballraíocht an Choiste Comhairligh i gcónaí.

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó a ionadaí, chun bualadh leo ar a laghad uair sa bhliain.

---

<sup>1</sup> Tháinig stop leis an mBord Comhairleach do Chúnamh Éireann ar an 31ú Deireadh Fómhair 2008.

## **Aguisín 2 – Timpeallacht Iniúchta na Roinne**

### **Struchtúr na Roinne**

Faoi stiúradh polaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtracha, tá bainistíocht déanta ar an Roinn ag an Ard-Rúnaí, atá ina oifigeach cuntasáíochta le haghaidh a dhá Vóta – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Cúnamh Éireann). Tá tacaíocht ag an Ard-Rúnaí ó Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) atá déanta suas de cheannairí rannóga príomha na Roinne.

Tá obair na Roinne roinnte idir deich rannóg ag an gCeannteathrú (CC) agus 75 oifigeach taidhleoireachta agus consalacha thar lear (déantar tagairt dóibh mar na “Misín”), i dteannta leis an Rúnaíocht Idir-Rialtais Sasanach-Éireannach i mBéal Feirste agus Chomh-rúnaíocht Chomhairle an Aire Thuaidh-Theas in Ard Mhacha. Tá deich gcinn de oifig páirce i measc na n-oifigí taidhleoireachta agus consalacha thar lear, atá bunaithe sa Afraic don gcuid is mó, agus táid freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chlár thíortha déthaobhacha Chúnamh Éireann.

### **An Timpeallacht Eachtrach**

Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha i dtimpeallacht chasta atá ag athrú i gcónaí agus é cruthaithe ag an Eoraip agus ag tionchair idirnáisiúnta níos leithne. Tá réadú na n-aidhmeanna ag braith, mar sin, ní hamháin ar iarrachtaí na Roinne, ach, ar iompar Stáit agus aonad eile.

Tá sé thar a bheith tábhachtach, de bharr chastacht na timpeallachta eachtraí, go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil don Roinn úsáidte leis an éifeacht is airde. Ní féidir leis obair ina aonar agus ní oibríonn sé ina aonar. Oibríonn an Roinn i dteannta le Ranna Rialtais eile go bhfuil cúraim eachtracha acu, chun cabhrú go héifeachtach leis na haidhmeanna a bhaint amach atá leagtha síos ins an gClár don Rialtas agus ina Ráiteas Straitéise (2008-2010).

Soláthraíonn Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise, Dearbhú Pháras ar Éifeacht Chúnaimh agus Clár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta an bonn le haghaidh chomhaontú idirnáisiúnta ar cad a chaithfidh a bheith déanta chun bochtaineacht a laghdú agus forbairt a chur chun cinn.

Cosúil le deonaithe eile, oibríonn Cúnamh Éireann i dtimpeallacht go bhfuil riosca mór ann. Go háirithe, d’fhéadfadh caighdeán an rialaithe, córais chuntasáíochta agus iniúchadh náisiúnta i dtíortha agus in eagraíochtaí páirtíochta a bheith níos ísle ná mar a bheifeá ag súil leis i dtíortha forbartha.

## Aidhmeanna Ard-Leibhéal 2008-2010

Is iad aidhmeanna ard-leibhéal na Roinne, mar atá siad leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don dtréimhse 2008-2010, ná:

<p>Cabhrú le síocháin agus le slándáil idirnáisiúnta, réiteach ar choimhlint a chur chun cinn, meas ar chearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn, agus tacú le straitéisí comónta éifeachtacha chun déileáil le dúshlán domhanda.</p>	<p>Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontas Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacú le feidhmiú éifeachtach a institiúidí, comhar Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú i dtreo athmhuintearais a leanann.</p>
<p>Na gealltanais sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireann a sheachadadh trí bhochtaineacht a laghdú, tacú le forbairt inmharthana agus comhar forbartha a chur chun cinn mar chuid tábhachtach de pholasaí eachtrach na hÉireann.</p>	<p>Éire agus a ghaoil déthaobhacha le tíortha eile a chur chun cinn, ár suimeanna eacnamaíochta a chur chun cinn agus ár bpróifíl cultúrtha thar lear a uasghrádú.</p>
<p>Suimeanna na hÉireann san AE a shlándáil agus cabhrú ina iomlán le forbairt an Aontais sa todhchaí.</p>	<p>Seirbhís na bpas agus consalach de chaighdeán ard a sholáthar do shaoránaigh uile na hÉireann agus páirt gníomhaíoch a ghlacadh lenár n-Diaspóra.</p>

## Eagraithe Iniúchta na Roinne

Tá Iniúchadh mar ghné tábhachtach den gcreatlach cuntasáíochta a fheidhmíonn an Roinn laistigh de – agus tá sé déanta suas de:

1. **An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC)** – a dhéanann iniúchadh ar na Cuntais Leithghabhála do gach Vóta, agus a dhéanann maoirseacht, ó am go céile, ar thascanna eile, leis na h-iniúchtaí luach as an airgead ina measc. Bronnann an ARC&C a thuairiscí do Choiste na gCuntas Poiblí.
2. **Coiste Cuntais Poiblí (CCP)** an Dáil – a dhéanann scrúdú ar thuairiscí ARCC, ina bhfuil Oifigeach Cuntasáíochta na Roinne le bheith i láthair ann ag an am.
3. **Coiste Gnóthaí Eachtracha (CGE)** an Chomh-Oireachtais – ceadaíonn an Coiste seo na Meastacháin don dá Vóta, atá bronnta i bhformáid *Ráiteas Aschur*

*Bhliantúil* a nascann costais do aidhmeanna agus do chuspóirí ard leibhéal le táscairí comhlíonta tábhachtacha gaolmhara.

4. **Coiste Iniúchta** na Roinne, a dhéanann athbhreithniú ar na pleananna oibre iniúchta agus luachála agus a gcur i bhfeidhm.
5. **Aonad Luachála agus Iniúchta** na Roinne, a dhéanann bainistíocht ar:
  - Feidhm Luachála na Roinne, le díriú phríomha ar Chúnamh Éireann. Sé atá i gceist le Luacháil ná an measúnú córasach agus cuspóireach ar dhearadh, ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí na dtionscnamh, na gelár agus na bpolasaithe. Déanann sé measúnú, ach go háirithe, ar éifeachtacht na hidirbheartaíochta i gcoinne a chuspóir luaite. Tá ról tábhachtach, chomh maith, ag an luacháil i dtaobh cheachtanna a fhoghlaim agus i dtaobh tacaíocht a thabhairt don gcreatlach cuntasáíochta iomlán.
  - Feidhm Iniúchta Inmheánach na Roinne. Déanann an fheidhm seo athbhreithniú ar oibríocht na gcóras smachta inmheánacha agus tá i gceist aige dearbhú a thabhairt maidir le ceart-úsáid an chiste poiblí. Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánach do Chúnamh Éireann tacaíthe, chomh maith, ag iniúcháirí inmheánacha atá bunaithe in oifigí páirce Tír an Chláir;
  - Athbhreithnithe Luach As An Airgead (féach ar 7. thíos).

Tuairiscíonn an Ceannaire Luachála agus Iniúchta don Ard-Rúnaí.

6. **Iniúchtaí Coimisiúnaithe go h-Eachtrach** atá déanta ag eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta i dTíortha Cláir Chúnamh Éireann. Ina theannta lena chuid oibre iniúchta féin, déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta gearáil forleathan ar a hacmhainní trí iniúchtaí a choimisiúnú i dTíortha an Chláir atá déanta ag eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Tá an t-Aonad ag braith, chomh maith, ar iniúchtaí páirtíochta atá déanta ag eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta (sa chás go bhfuilid coimisiúnaithe ag páirtithe) nó ag na h-Iniúcháirí Náisiúnta Ginearálta. Oibríonn Cúnamh Éireann i dteannta le deonaithe eile chun cabhrú le páirtithe i dtaobh a bhainistíocht airgeadais agus a chórais cuntasáíochta a neartú, ag leanúint ó mholtaí an phróiseas iniúchta.
7. **Tionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí** – Stiúran an Roinn Athbhreithnithe Luach as an Airgead faoi Thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí an Rialtais.

## **Aguisín 3 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2009**

04 Feabhra

19 Márta

03 Aibreán

26 Bealtaine

30 Meitheamh

08 Meán Fómhair

13 Deireadh Fómhair

09 Samhain

17 Nollag

## **Aguisín 4 – Doiciméid Tábhachtacha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu**

Tuairisc ar Athbhreithniú Luach as an Airgead de chuid Seirbhís na b-Pas

Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann

Tuairisc ar Bhainistíocht Airgeadais Poiblí, Caiteachas Pro-Bhochtaineachta agus Seachadadh Seirbhísí Pro-Bhochtaineachta i Leosóta, i Mósaimbíc, i Uganda agus sa tSaimbia (Gerard Cawley)

Tuairiscí Luachála:

- Luacháil ar straitéis eatramhach Chúnamh Éireann do Siarra Leon,
- Athbhreithniú Inmheánach ar thacaíocht Chúnamh Éireann don Libéir,

- Luacháil ar pháirtíocht Dóchas de chuid Chúnaimh Éireann,
- Luacháil ar Thír Cláir Uganda
- Athbhreithniú ar obair Fís an Domhain i nDeisceart an Súdáine.

Tuairiscí Iniúchta ó Iniúcháirí Ginearálta Mósaimbíc, Leosóta agus Uganda

Luacháil agus Pleananna Oibre Iniúchta do 2009

## **Aguisín 5 – Cur i Láthair a Ghlac an Coiste Iniúchta leo**

Fuair an Coiste Iniúchta na Cur i Láthair seo le linn na bliana:

Coimrí ar chláir Chúnaimh Éireann de chuid Ard Stiúrthóir, Brendan Rogers agus Leas-Ard-Stiúrthóir, Michael Gaffey

Coimre ar Sheirbhís na bPas – Foireann Bhainistíochta Oifig na bPas (Bealtaine 2009)

Coimre ar Vóta 28 agus ar Chóras Bainistíochta Riosca na Roinne – Leas-Rúnaí Adrian O'Neill, Ceannaire Roinn na Seirbhísí Corparáideacha (Meán Fómhair 2009)

Dul chun cinn san Éifeacht Cúnaimh – Liz Higgins agus Dónal Cronin, An Rannóg Teicniúil (Deireadh Fómhair 2009)

Maoiniú Chúnaimh Éireann d'Eagraíochtaí an Chumainn Sibhialta — Fionnuala Gilsean, Rannóg an Chumainn Sibhialta (Samhain 2009)

Iniúchadh ar Mhaoiniú an Chumainn Sibhialta – An t-Aonad Luachála agus Iniúchta (Samhain 2009)

Cur i Láthair Tuairisc Bainistíochta Airgeadais Poiblí de chuid Gerald Cawley (comhairleoir eachtrach, Samhain 2009)

Cur i Láthair éagsúla le linn na bliana de chuid an Aonaid Luachála agus Iniúchta.

## Aguisín 6 - Achoimre ar Chaiteachas Vóta 2009 (Neamhiniúchta)<sup>2</sup>

### Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha

	<b>Soláthar Measta €'000</b>	<b>Aschur €'000</b>
<b><u>RIARADH</u></b>		
A1. Tuarastail, Pánna agus Liúntais	102,909	97,891
A2. Taisteal agus Cothabháil	7,000	5,056
A3. Costais Teagmhasacha	5,159	4,709
A4. Soláthar Poist agus Teileachumarsáide	9,432	8,390
A5. Innealra Oifige agus Soláthar Oifige agus Seirbhísí Gaolmhara	25,321	21,118
A6. Costais Fhoirgneamh na hOifige	27,964	31,323
A7. Seirbhísí Comhairleacha	92	59
A8. Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí	20	-
<b>IOMLÁN NA GCOSTAS RIARACHÁIN</b>	<b>177,897</b>	<b>168,546</b>
<b><u>CAITEACHAS AN CHLÁIR</u></b>		
B. Aisdúichiú agus Cothabháil Éireannaigh i dtrioblóid Thar Lear	79	48
C. Tacaíocht do Sheirbhísí Eisimirceacha Éireannacha	15,183	15,132
D. Seirbhísí Faisnéise	1,283	1,232
E. Ranníocaíochtaí d'eagraíochtaí in Éirinn chun cur le gaoil Idirnáisiúnta – (Deontais i gCúnamh)	310	310
F1. Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach	3,000	3,000
F2. Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	195	195
G. Gaoil Cultúrtha le Tíortha Eile – (Deontais i gCúnamh)	891	891
H. Bord Chomhairleach Eacnamaíochta Éireannach-Meiriceánach	28	14
I. Ranníocaíochtaí do Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	42,240	37,246

<sup>2</sup> Tá iniúchadh an Ard Reachtaire Ciste agus Cuntas ag dul chun cinn ag am críochnaithe an tuairisceáin bhliantúil seo.



J. Gnóimhaíochtaí Iarmhartacha ar Theideal v de Chonradh an Aontais Eorpaigh	582	551
K. Cabhair don AE agus do Stáit eile in Oirthear na hEorpa	1,010	789
L. Tionscnamh Dhorchla an Atlantaigh	250	250
M. Straitéis na hÁise	200	183
N. Reifreann ar Chonradh Leasaithe an AE (0 i 2008)	4,000	3,786
<b>CAITEACHAS IOMLÁN AN CHLÁIR</b>	<b>69,251</b>	<b>63,627</b>
<b>CAITEACHAS COMHLÁIN</b>	<b>247,148</b>	<b>232,173</b>
O. Lúide Leithghabháil-i-gCúnamh	40,386	40,481
<b>CAITEACHAS GLAN</b>	<b>206,762</b>	<b>191,692</b>

## Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta

Seirbhís	Soláthar Measta	Aschur
	€'000	€'000
<b>RIARADH – Fotheidil A1/8</b>		
A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais	18,960	19,337
A.2. Taisteal agus Cothabháil	3,535	2,269
A.3. Costais Teagmhasacha	3,321	2,250
A.4. Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	2,480	2,202
A.5. Innealra Oifige agus Soláthar Oifige Eile agus Seirbhísí Gaolmhara	1,380	1,432
A.6. Costais Foirgneamh na hOifige	3,925	3,507
A.7. Seirbhísí Comhairleacha	1,561	1,066
A.8. Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasáí	680	127
Fo-iomlán	35,842	32,190
<b>Seirbhísí Eile</b>		
B. Íocaíocht don gCiste Deontas-i-gCúnamh le haghaidh Chúnaimh Dhéthaobhaigh agus Comhar eile (Deontas-i-gCúnamh)	410,800	410,800
C. Cúnamh Daonnúil Éigeandála	56,000	56,000
D. Íocaíochtaí do Chistí Idirnáisiúnta le haghaidh Tairbhe Tíortha ag Forbairt	28,000	28,000
E. Ranníocaíochtaí dos na Náisiún Aontaithe agus do Ghníomhaireachtaí Forbartha eile	40,500	40,500
Fo-iomlán	535,300	535,300
<b>Iomlán Comhláin</b>	<b>571,142</b>	<b>567,490</b>
F. Lúide: Leithghabháil i gCúnamh	939	1,790
<b>Glan Iomlán</b>	<b>570,203</b>	<b>565,700</b>

## Aguisín 7 – Iniúchtaí agus Luacháilte gur Tugadh Aghaidh Orthu i 2009<sup>3</sup>

### Iniúchadh – Vóta 28

Dhein an t-Aonad Luachála agus Iniúchta na tascanna iniúchta seo a leanas i 2009:

Scéim Ionadaíochta Troscán agus Liúntas  
Ambasáid Londain  
Deontais Clár Tacaíochta na h-Inimircigh – An Ríocht Aontaithe  
Clár Tacaíochta na h-Inimircigh – Boston agus an Nua Eabhrach  
Consalacht Ginearálta Nua Eabhrach  
Taisteal agus Cothabháil na Roinne (an dá Vóta)

### Iniúchadh – Vóta 29

#### (1) Tíortha an Chláir

Leagann an tábla thíos amach leibhéal an chlúdach iniúchta gur baineadh amach chuige seo i dtíortha an chláir. Tá clúdach iniúchta bainte amach trí:

- (a) Obair iniúchta déanta go díreach ag Aonad Luachála agus Iniúchta Chúnaimh Éireann, agus ag iniúchóirí bunaithe ag na Misean i dtíortha an chláir;
- (b) Iniúchtaí déanta ag eagraíochtaí iniúchta atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus iad coimisiúnaithe ag Cúnaimh Éireann;
- (c) Tuairiscí iniúchta faighte ó eagraíochtaí páirtíochta (m.sh. iad san déanta ag Oifigí Náisiúnta Iniúchta agus ag Eagraíochtaí Neamh-Rialtais).
- (d) Chomh-iniúchtaí maoinithe ag deonaithe ar chláir nó ar thionscnaimh shonracha

Clúdaíonn na h-iniúchtaí seo cláir agus tionscnaimh atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann, agus baineann siad leis an gcaiteachas sna blianta airgeadais 2007 agus 2008.<sup>4</sup>

<i>Tír</i>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
<i>An Aetóip</i>	65	86
<i>Leosóta</i>	91	79
<i>Mósaimbíc</i>	56	94
<i>An Afraic Theas</i>	91	97

<sup>3</sup> Ba chóir don aguisín seo a bheith léite i dteannta le rannóg *Iniúchta Immheánach* de chuid Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta sa dtuairisceán seo.

<sup>4</sup> 2007 Figiúirí tugtha suas chun dáta uatha san a tuairiscíodh i dTuairisceán Bhliantúil an Choiste Iniúchta 2008 le h-aird le bheith tugtha ar na dtuairiscí iniúchta a fuarthas ina dhiaidh san.

<i>An Tansáin*</i>	15	94
<i>An Tíomór</i>	91	90
<i>Uganda</i>	92	77
<i>An tSaimbia</i>	87	90

---

\* Ag an am priontála, ní raibh roinnt tuairiscí faighte fós de bharr ama deireadh bliain airgeadais Rialtas na Tansáine.

## (2) Eile

- Iniúchadh ar Féin-Chabhair Idirnáisiúnta (Clár Scéime Il-Bhliantúil Chúnammh Éireann)

## Luacháil

Luacháiltí a chríochnaíodh i 2009 (Vóta 29 uile)

- Luacháil ar straitéis eatramhach Chúnammh Éireann do Sierra Leon
- Athbhreithniú Eachtrach ar thacaíocht Chúnammh Éireann don Libéir
- Luacháil ar pháirtíocht Dhóchas Chúnammh Éireann
- Luacháil ar Thír Cláir Uganda
- *Ullmhúchán do Thubaiste agus Cumais Áitiúla don gClár Síochána* de chuid Fís an Domhain, Deisceart na Súdáine
- Athbhreithniú Luach as an Airgead agus Polasaí ar thacaíocht Chúnammh Éireann do VEID/SEIF, 2000–2007